Fíricí Suimiúla do Dhaltaí Bunscoile Sinsearacha

Toirneach agus Tintreach

Céard is tintreach ann?

Is lucht mór leictreachais é tintreach.

Tá leictreachas comhdhéanta de **lucht diúltach** agus **lucht dearfach**, díreach mar a bheadh cadhnra.

Gluaiseann an leictreachas ón diúltach chuig an dearfach.



Tá lucht diúltach ag scamall agus tá lucht dearfach ag an talamh.

Má tá an difríocht eatarthu mór go leor, cruthófar splanc a léimfidh ón diúltach chuig an dearfach. Is splanc thintrí í seo; spréach ollmhór.

Céard is toirneach ann?

Is í toirneach an fhuaim a chruthaítear de bharr tintrí. Bíonn sí ina pléasc ard ghlórach nó ina tormáin íseal.

Is de bharr mearfhorbairt an aeir timpeall ar an splanc thintrí a tharlaíonn toirneach.

Conas a chruthaítear scamall toirní?

Is é scamall **cumalais** is cúis le stoirm thoirní ar féidir a aithint go héasca óna chruth cocánach.

Má tá na coinníollacha in oiriúint, tosaíonn an scamall ag fás in airde.

Nuair a thosaíonn sé ag cur báistí glaoimid scamall **cumalainimbeas** air.

Má bhíonn sé ag cur báistí go trom, tagann séideáin aeir amach as bun an scamaill.

Faoi dheoidh, ní bhíonn aon bháisteach fágtha sa scamall toirní.

Cúinsí riachtanacha do stoirm thoirní

Tá 3 chúinse atmaisféaracha is gá a bheith ann chun go mbeadh stoirm thoirní ann:

Taise: caithfidh uisce a bheith san atmaisféar chun scamaill agus, faoi dheoidh, báisteach a chruthú.

Aer éagobhsaí: caithfidh aer te a bheith ann mar chontrárthacht leis an aer a thimpeallaíonn na scamaill. Déanfaidh an t-aer éagobhsaí seo an scamall a ardú go tapa.

Ardú: déanann frontaí teo nó fuara, leoithní farraige srl., é seo a sholáthar.

Cá mbuaileann splancacha tintrí?

Féadann tintreach tarlú i mbeagnach gach aon áit.

Ní fíor é nach féidir le tintreach an áit chéanna a bhuaileadh faoi dhó.

Buaileann tintreach an áit chéanna níos mó ná uair amháin – iliomad uaireanta i rith na stoirme céanna go go hiondúil.

Fíric 1: Sroicheann an solas ó thintreach do shúile ar an toirt, ach leanann an fhuaim ó thoirneach níos déanaí mar gluaiseann fuaim i bhfad níos moille ná mar a ghluaiseann solas. Tógann sé tuairim is 3 soicind ar fhuaim taisteal chomh fada le 3 ciliméadar. Má roineann tú an méid soicind idir an splanc tintrí d'fheiscint agus an buille toirni a chloisint beidh a fhios agat cén fhaid uait atá an tintreach.

Fíric 2: Tá splanc thintrí beagnach 5 oiread níos teo ná dromchla na gréine!